



AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACTH 2009

Mar a tionscnaíodh

RIAR NA nALT

Alt

1. An Bunreacht a leasú.
2. Lua.

AN SCEIDEAL

CUID 1

CUID 2



AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACTH 2009

BILLE

dá ngairtear

ACHT CHUN AN BUNREACTH A LEASÚ.

5 DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe an Bunreacht a leasú:

10 ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN
MAR A LEANAS:

1.—Leasaítear, leis seo, mar a leanas an Bunreacht:

An Bunreacht a leasú.

(a) aisghairfear alt 5 de théacs Gaeilge Airteagal 35,

(b) aisghairfear alt 5 de théacs Béarla Airteagal 35,

15 (c) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* isteach i ndiaidh alt 4 de théacs Gaeilge Airteagal 35,

(d) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* isteach i ndiaidh alt 4 de théacs Béarla Airteagal 35.

20 2.—(1) An Naoú Leasú is Fiche ar an mBunreacht a thabharfar Lua. ar an leasú a dhéantar leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Naoú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2009 a ghairm den Acht.

AN SCEIDEAL

Cuid 1

Airteagal 35.5

- 5 Ní cead laghdú a dhéanamh ar thuarastal breithimh an fad is a bheidh sé in oifig ach amháin sa chás gur gá é chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromaí ar gheilleagar an Stáit, go bhfuil riachtanas dosháraithe ann airgeadas an Stáit a chobhsú agus, dá bharr sin, gur gá laghdú a chur i gcrích ar thuarastal na seirbhíse poiblí; in imthosca den sórt sin, féadfar aon laghdú ar thuarastal gach
- 10 seirbhísigh phoiblí nó ar thuarastal aicme de sheirbhísigh phoiblí a chur i bhfeidhm chun laghdú inchomparáide a chur i gcrích ar thuarastal gach comhalta den bhreithiúnacht.

CUID 2

Article 35.5

- 15 The remuneration of a judge shall not be reduced during his continuance in office save where it is necessary to address a serious threat to the State's economy, there is a compelling need to stabilise the State's finances and as a consequence it is necessary to effect a reduction in public service remuneration; in such circumstances any
- 20 reduction in the remuneration of all public servants or in the remuneration of a class of public servants may be applied to effect a comparable reduction in the remuneration of all members of the judiciary.